An Roinn Oideachais
Department of Education

Cuirtear in iúl d'fhostóirí go bhfuil leasú déanta ar Chiorclán 0038/2022. Féach, le do thoil, **Nóta Faisnéise TC/IN 0016/2024** dar teideal 'COVID-19: Athruithe ar Shaoire Speisialta le Pá do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta.'

**Litir Chiorcláin 0038/2022**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bord Oideachais agus Oiliúna**

# Coróinvíreas (COVID-19): Socruithe Oibre Nuashonraithe do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna aitheanta

De bhreis ar an treoir d'fhostaithe san earnáil phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, treoraíonn an tAire Oideachais d'fhostaithe téarmaí an Chiorcláin seo a chur i bhfeidhm do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanais speisialta oideachais (fostaithe) atá fostaithe i bpoist cheadaithe atá á maoiniú ag cistí an Oireachtais.

Tá na socruithe seo le cur i bhfeidhm ag gach fostóir le héifeacht ó 30 Meitheamh 2022. Caithfidh gach múinteoir agus CRS cloí leis na socruithe.

Féadfaidh an Roinn a bhfuil sa Chiorclán seo a leasú ag am ar bith.

Tagann an ciorclán seo in ionad Ciorclán 0042/2021 dar teideal 'Coróinvíreas (COVID-19): Socruithe le haghaidh Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta'. Tagann an Ciorclán seo freisin in ionad na Nótaí Faisnéise seo a leanas:

TC 0015/2021, TC 0017/2021, TC 0018/2021, TC 0019/2021, TC 0001/2022, TC 0002/2022, TC 0003/2022 agus TC 0006/2022

Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar gach ball den Bhord Bainistíochta / Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear gach múinteoir agus CRS atá fostaithe agat ar an eolas, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

Ba chóir aon cheisteanna a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús agus d'fhéadfadh go rachadh an fostóir i gcomhairle lena eagraíocht ionadaíoch. Ba chóir aon cheisteanna breise faoin gCiorclán seo a dhíriú ar an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie.

Is féidir teacht ar an Nóta Faisnéise seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag gov.ie.

**Clare Butler**
**Príomhoifigeach**
**An Ránnán Téarmaí & Coinníollacha Múinteoir/CRS**

**Sinéad Keenaghan**
**Príomhoifigeach**
**An Rannán Párolla**

**8 Meitheamh 2022**

## Clár

Sainmhínithe agus Giorrúcháin ..... 3
1. Forálacha Ginearálta ..... 5
1.1 Cuspóir an Chiorcláin seo ..... 5
1.2 Measúnuithe Riosca ..... 5
1.3 Vaicsínithe Covid-19 ..... 5
1.4 Filleadh ar an Obair tar éis Neamhláithreacht Fhada ón Ionad Oibre ..... 5
1.5 Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe ..... 6
1.6 An tSeirbhís Sláinte Ceirde ..... 6
1.7 Cosaint Sonraí agus RGCS ..... 6
1.8 Comhlíonadh ..... 6
2. Saoire Speisialta COVID-19 le Pá ..... 7
2.1 Saoire Speisialta COVID-19 le Pá – scoilbhliain 2021/22 ..... 7
2.2 Athruithe ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá ón 1 Iúil 2022 ..... 7
2.3 Socruithe d'fhostaithe ar Shaoire Speisialta le Pá sínte COVID-19 díreach roimh 1 Iúil 2022 ..... 8
2.4 Saoire Speisialta COVID-19 le Pá – Rialacha Ginearálta ..... 9
2.5 Nós Imeachta Iarratais agus Taifeadta do Shaoire Speisialta le Pá Covid-19 ..... 10
3. Gnáthshaoire Bhreoiteachta ..... 10
4. Gluaiseacht Shrianta ..... 10
5. Grúpaí Ardriosca ..... 11
5.1 Socruithe Oibre d'Fhostaithe Ardriosca - scoilbhliain 2021/22 ..... 11
5.2 Socruithe Oibre d'Fhostaithe An-Ardriosca ó 1 Iúil 2022 ..... 11
6. Deireadh le Socruithe Sealadacha do Scéimeanna Neamhláithreachta ..... 12
Aguisín A – Iarratas ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá ..... 14

## Sainmhínithe agus Giorrúcháin

Chun críocha an Chiorcláin seo, tá leis na téarmaí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh mura gcuirtear a mhalairt in iúl leis an gcomhthéacs.

**RCPA** – ciallaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Fostaí** – ciallaíonn múinteoir cláraithe nó cúntóir riachtanais speisialta atá fostaithe i bpost faofa atá maoinithe ag cistí an Oireachtais.

**Fostóir** – ciallaíonn Bord Oideachais Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/do choláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna (seachas bunscoileanna pobail), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an BOO nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean, de réir mar is cuí, maidir le nithe a leagtar amach sa Chiorclán seo.

**BOO** – ciallaíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna.

**RGCS** – ciallaíonn an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (Rialachán (AE) 2016/679).

**CG** – ciallaíonn Cleachtóir Ginearálta.

**FFS** – ciallaíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**Seirbhís Sláinte Ceirde (SSC)** – ciallaíonn soláthraithe comhairle míochaine neamhspleách maidir le sláinte cheirde don fhostóir. Is é Medmark Occupational Healthcare Ltd. an soláthraí SSC reatha.

**Córas Éileamh ar Líne (CÉAL)** – ciallaíonn an córas atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha le neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus le héileamh a dhéanamh ar íocaíochtaí ionadaíocha.

**Pámháistir** – ciallaíonn an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. Seo í an Roinn Oideachais i gcás CRSanna bunscoileanna (lena n-áirítear scoileanna náisiúnta pobail), iar-bhunscoileanna, scoileanna pobail agus cuimsitheacha deonacha agus na BOOanna i gcás CRSanna gairmscoile/coláiste pobail.

**Sonraí Pearsanta** – ciallaíonn an bhrí mar atá in Alt 4 den RGCS, is í sin aon fhaisnéis a bhaineann leis an ábhar sonraí. Chun críche an Chiorcláin seo, folaíonn tagairtí do shonraí pearsanta sonraí pearsanta de chatagóir speisialta, mura luaitear a mhalairt.

**CRS** – ciallaíonn cúntóir riachtanas speisialta.

**Sonraí Pearsanta de Chatagóir Speisialta** - ciallaíonn an bhrí mar atá in Alt 9 den RGCS, bunús ciníoch nó eitneach an duine is ábhar do na sonraí, a thuairimí polaitiúla nó a chreideamh reiligiúnach nó fealsúnachta, cibé an bhfuil an duine is ábhar do na sonraí ina bhall de cheardchumann, agus próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun críche duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann le sláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó claonadh gnéasach duine nádúrtha.

**Múinteoir** – ciallaíonn duine atá cláraithe leis An Chomhairle Mhúinteoireachta.

**An Roinn** – ciallaíonn An Roinn Oideachais.

**Measúnú Riosca um Thoirchis san Ionad Oibre** – ciallaíonn an measúnú riosca a dhéanann fostóirí de réir mar is gá faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialacháin um Thoirchis, 2007.

## 1. Forálacha Ginearálta

### 1.1 Cuspóir an Chiorcláin seo

1.1.1 Is é cuspóir an Chiorcláin seo ná comhairle a chur ar fhostóirí faoi na príomhathruithe seo a leanas:-

a) Athruithe ar theidlíocht Saoire Speisialta le Pá COVID-19
b) Deireadh le Saoire Speisialta sínte COVID-19 le Pá (níos faide ná 28 lá)
c) Deireadh leis an ngá le Gluaiseacht Shrianta
d) Socruithe oibre don ghrúpa 'An-Ardriosca'
e) Filleadh ar na gnáthshocruithe faoi Scéimeanna Saoire sonraithe

### 1.2 Measúnuithe Riosca

1.2.1 Tá dualgais ar an bhfostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 sábháilteacht agus leas na foirne ag an obair a chinntiú. Tá sé de dhualgas ar an bhfostóir measúnú riosca a dhéanamh chun na hoibleagáidí seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear measúnuithe riosca toirchis san ionad oibre. Do cheisteanna ar leith faoi shláinte agus sábháilteacht, teimpléid measúnaithe riosca, agus reachtaíocht nuashonraithe, téigh i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (has.ie) ag an nasc:- Oideachas - An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (hsa.ie).

### 1.3 Vacsainíthe Covid-19

1.3.1 Má tá coinne ag fostaí do vacsaíniú/treisiú COVID-19 le linn uaireanta scoile, déileálfar leis an neamhláithreacht mar a dhéileáiltear le coinní leighis eile.

1.3.2 Maidir leis seo, tagraíonn alt 1.3 den Scéim Saoire Breoiteachta mar atá i Ciorclán 0054/2019 do mhúinteoirí agus i Ciorclán 0060/2019 do CRSanna.

*'Féadfar Saoire Bhreoiteachta a dheonú do mhúinteoir nó CRS nach bhfuil in ann a d(h)ualgais a chur i gcrích*

*- mar gheall ar thinneas nó ar ghortú nó*

*- nuair atá sé nó sí as láthair chun críocha seirbhísí míochaine (m.sh. Dochtúra/Fiaclóra) a fháil a fhad is nárbh fhéidir coinní mar seo a shocrú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó laethanta oibre.'*

1.3.3 Ar aon dul leis an Scéim Saoire Breoiteachta, ba chóir don fhostaí dearbhú a sholáthar maidir le coinne vacsaínithe.

1.3.4 Má bhíonn fo-iarmhairtí ag fostaí tar éis an vacsaínithe COVID-19, óna dtagann neamhláithreacht ón obair, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta.

### 1.4 Filleadh ar an Obair tar éis Neamhláithreacht Fhada ón Ionad Oibre

1.4.1 Nuair a fhilleann fostaithe ar an ionad oibre tar éis neamhláithreacht fhada, ba chóir don fhostóir tacú leo agus iad ag filleadh.

1.4.2 I Mír 5.2 den Chiorclán seo, déileáiltear le socruithe filleadh ar an obair d'fhostaí a bhaineann leis an grúpa an-ardriosca (thar a bheith leochaileach) mar atá sainmhínithe ag FSS.

## 1.5 Seirbhís Cúnamh d'Fhostaithe

1.5.1 Tá an Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe atá á sholáthar faoi láthair ag Spectrum.Life ar fáil mar acmhainn tacaíochta d'fhostaithe. Is é 1800 411 057 an líne chabhrach saorghlao rúnda agus tá sí ar fáil 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain.

## 1.6 An tSeirbhís Sláinte Ceirde

1.6.1 Tá an tSeirbhís Sláinte Ceirde ar fáil chun comhairle leighis a sholáthar d'fhostóir a bhfuil imní air faoi fheidhmiúlacht chun oibre an fhostaí (lena n-áirítear COVID-19).

## 1.7 Cosaint Sonraí agus RGCS

1.7.1 Tá gá ag an Roinn leis na sonraí pearsanta atá curtha ar fáil, chun saoire speisialta le pá agus íocaíochtaí ionadaíochta a phróiseáil. Tá mionsonraí Pholasaí Cosanta Sonraí na Roinne ina dtugtar cuntas ar an gcaoi a úsáidfear sonraí pearsanta lena n-áirítear faisnéis maidir le cearta mar ábhar sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne . Tá sonraí ar Pholasaí Cosanta Sonraí an BOO ar fáil ón BOO ábhartha.

1.7.2 Ceadaíonn Airteagal 6(1)(c) i gcomhar le hAirteagal 9(2)(b) den RGCS próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta de chatagóir speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta. Ina theannta sin, ceadaíonn Airteagal 6(1)(e) i gcomhar le hAirteagail 9(2)(i), in éineacht le halt 53 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, próiseáil sonraí pearsanta de chatagóir speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) ar chúiseanna leas an phobail i réimse na sláinte poiblí. Meastar go bhfuil na bearta riachtanach agus comhréireach, agus áirítear leo cosaintí amhail srian ar rochtain sonraí, teorainneacha ama dochta dá scriosadh, agus bearta eile amhail oiliúint leordhóthanach foirne chun cearta cosanta sonraí na bhfostaithe a chosaint. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

1.7.3 Féadfaidh fostóirí faisnéis a iarraidh ar fhostaithe maidir lena sonraí catagóir speisialta COVID-19 i gcúinsí áirithe, nuair is gá d'fhostaí a iarrann leas a bhaint as saoire speisialta le pá sonraí a sholáthar ar thorthaí a t(h)ástáil PCR nó antaigin COVID-19. Caithfidh bailiú agus próiseáil sonraí a bheith riachtanach, comhréireach agus cosanta i gcónaí agus de réir na comhairle sláinte poiblí ata i bhfeidhm ag an tráth áirithe sin.

1.7.4 Caithfidh an fostóir gach doicimead a bhaineann le próiseáil iarratas agus dearbhuithe a choinneáil leis na taifid phearsanra ábhartha go sábháilte agus go slán agus de réir pholasaí cosanta sonraí agus rialacháin um chosaint sonraí an fhostóra. D'fhéadfadh oifigigh na Roinne na taifid sin a roghnú don iniúchadh.

## 1.8 Comhlíonadh

1.8.1 Má theipeann ar fhostaí cloí leis na socruithe mar atá leagtha amach sa Chiorclán seo féadfar déileáil leis seo faoi na nósanna imeachta comhaontaithe don earnáil ábhartha.

## 2. Saoire Speisialta Covid-19 le Pá

### 2.1 Saoire Speisialta Covid-19 le Pá – scoilbhliain 2021/22

2.1.1 Sa scoilbhliain 2021/22, tá Saoire Speisialta le Pá COVID-19 ar fáil d'fhostaí (a) a thosaíonn ag léiriú comharthaí COVID-19 nó (b) a fhaigheann toradh dearfach COVID-19 ó thástáil PCR/antaigin.

2.1.2 Ó 7 Feabhra go dtí an 30 Meitheamh 2022, is é an teidlíocht uasta do Shaoire Speisialta le Pá ná 10 lá as a chéile in aon chás amháin, má sholáthraíonn an fostaí cruthúnas don fhostóir ar an tástáil PCR dhearfach nó an tástáil antaigin atá cláraithe ar thairseach FSS.

2.1.3 Tá feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime um Shaoire Breoiteachta má bhíonn fostaí fós neamhábalta chun oibre tar éis na tréimhse 10 lá de Shaoire Speisialta le Pá.

2.1.4 Go dtí 30 Meitheamh 2022, féadfaidh fostaí a thosaigh Saoire Speisialta COVID-19 le Pá roimh an 7 Feabhra, leas a bhaint as an uasteorainn 28 lá, agus beidh síneadh breise ar fáil má shásaítear sainchritéir.

### 2.2 Athruithe ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá ó 1 Iúil 2022

2.2.1 Bunaithe ar chomhairle FSS, caithfidh duine a thosaíonn ar chomharthaí COVID-19 a léiriú nó a fhaigheann toradh tástála antaigin/PCR dearfach é/í féin a aonrú agus ní féidir leis/léi freastal ar an ionad oibre.

2.2.2 Tá Saoire Speisialta le Pá COVID-19 ar fáil d'fhostaí (a) a thosaíonn ag léiriú comharthaí COVID-19 nó (b) a fhaigheann toradh dearfach COVID-19 ó thástáil PCR/antaigin.

2.2.3 Ón 1 Iúil 2022, bunaithe ar 'Treoir agus Ceisteanna Coitianta d'Fhostóirí Seirbhíse Poiblí le linn COVID-19' an RCPA, beidh athrú ar theidlíocht Saoire Speisialta le Pá COVID-19 d'fhostaithe incháilithe.

2.2.4 Ón 1 Iúil 2022, is é 7 lá as a chéile an teidlíocht uasta um Shaoire Speisialta le Pá in aon chás ar leith, an tréimhse féin-aonraithe atá luaite ag FSS.

2.2.5 Beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta má leanann fostaí neamhfheidhmiúil chun oibre díreach tar éis na tréimhse 7-lá Saoire Speisialta le Pá. Caithfidh an fostaí teasta(i)s dochtúra a sholáthar don fhostóir, ar aon dul leis na riachtanais a bhaineann leis an Scéim Saoire Breoiteachta. Féach ar an Scéim Saoire Breoiteachta le fáil amach cén deimhniú leighis atá inghlactha.

2.2.6 Níl Saoire Speisialta le Pá ar fáil d'fhostaí a bhfuil comharthaí COVID-19 air/uirthi má tá toradh diúltach tástála antaigin/PCR COVID-19 faighte aige/aici. Caithfidh an fostóir an neamhláithreacht seo a thaifeadadh mar Shaoire Bhreoiteachta ar an gcóras OLCS/BOO ábhartha.

2.2.7 Is socruithe sealadacha iad na socruithe a bhaineann le Saoire Speisialta le Pá COVID-19 agus coinneoidh an RCPA faoi athbhreithniú rialta iad.

## 2.3 Socruithe d'Fhostaithe ar Shaoire Speisialta le Pá Sínte COVID-19 díreach roimh 1 Iúil 2022

2.3.1 Ón 1 Iúil 2022, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta maidir le fostaí a bhíonn as láthair ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá thar 7 lá as a chéile in aon chás amháin.

2.3.2 Ón 1 Iúil 2022, maidir le fostaí atá as láthair cheana féin ar Shaoire Speisialta le Pá sínte COVID-19 (28 lá as a chéile nó níos mó) agus nach bhfuil fós oiriúnach ó thaobh feidhmiúlachta chun oibre ón dáta sin, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta.

2.3.3 Maidir le fostaí a fhanann as láthair ar Shaoire Speisialta sínte COVID-19 le Pá ar 1 Iúil 2022, caithfidh an fostóir, ón dáta sin, an tréimhse a thaifeadadh mar Shaoire Bhreoiteachta ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha.

2.3.4 Ionann agus an Scéim Saoire Breoiteachta, ba chóir measúnú ón SSC ar fhostaí atá as láthair ar Shaoire Speisialta le Pá sínte COVID-19 a léiriú go bhfuiltear oiriúnach ó thaobh folláine chun filleadh ar an ionad oibre sula bhfilltear ar ghnáthdhualgais.

2.3.5 Maidir le fostaí ar Shaoire Speisialta sínte le Pá COVID-19 díreach roimh 1 Iúil 2022, agus atá le fanacht as láthair tar éis an dáta sin, beidh SSC tar éis iad seo a sholáthar:

(a) dáta todhchaí don oiriúnacht ó thaobh folláine chun filleadh ar an obair nó
(b) dáta todhchaí d'athbhreithniú eile maidir le hoiriúnacht ó thaobh folláine

2.3.6 Caithfidh an fostóir an tréimhse ó 1 Iúil 2022 go dtí an dáta a bhfuil siad oiriúnach ó thaobh folláine chun filleadh ar an obair a thaifeadadh ar an gCóras CÉAL/BOO mar Shaoire Bhreoiteachta. Caithfidh an fostóir a chinntiú go gcuirtear comhairle SSC agus/nó deimhniú leighis ar fáil dóibh, de réir mar is cuí, sula dtaifeadtar an Saoire Bhreoiteachta. Maidir le scoileanna neamh-BOO, caithfidh an fostóirr an tréimhse a thaifeadadh faoi 'Saoire Bhreoiteachta', fochatagóir 'Saoire Bhreoiteachta Deimhnithe'.

2.3.7 Maidir le fostaí ar Shaoire Speisialta sínte COVID-19 le Pá díreach roimh an 1 Iúil 2022 agus atá le fanacht as láthair tar éis an dáta seo faoi alt 2.3.5 thuas, ach ar mian leis dul ar ais ar dualgas roimh an dáta feidhmiúlachta chun oibre atá sonraithe ag an SSC, beidh gá iad seo a leanas a dhéanamh:

(a) Caithfidh an fostóir é/í a atreorú chuig an SSC faoin **17 Meitheamh 2022** de réir an phrótacail atá leagtha amach do mheasúnú ar fheidhmiúlacht chun oibre, le fáil amach an bhfuil an fostaí:-

   i. Ábalta ó thaobh leighis chun filleadh ar an obair
   ii. Gan bheith ábalta fós ó thaobh leighis chun filleadh ar an obair

(b) Ag an bpointe seo den phróiseas atreoraithe, caithfidh an fostóir an fhoirm atreoraothe *'Lánroghnach'* ar líne a chomhlánú tríd an tairseach ar líne SCC. Ar aon dul le haon atreorú SSC eile faoin Scéim Saoire Breoiteachta, caithfidh an fostóir cóip den atreorú a sholáthar don fhostaí.

(c) Cuirfidh an SSC toradh an mheasúnaithe leighis in iúl don fhostóir, agus ina dhiaidh sin cuirfear Tuarascáil 'Feidhmiúlacht chun Oibre' ar fáil. Áireofar sa Tuarascáil seo an dáta oiriúnachta don fheidhmiúlacht chun filleadh ar obair.

(d) Má mheastar nach bhfuil fostaí feidhmiúil chun oibre, beidh téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta i bhfeidhm ón 1 Iúil 2022, go dtí an dáta a mheasann an SSC go bhfuil sé/sí feidhmiúil chun oibre ó thaobh leighis. Léireofar i dTuarascáil SSC 'Feidhmiúlacht chun Oibre' fad dóchúil na neamhláithreachta, agus murar féidir teacht ar dháta filleadh chun oibre, beidh dáta san áireamh d'athbhreithniú eile ar fheidhmiúlacht chun oibre.

(e) Mura bhfreastalaíonn an fostaí ar choinne SSC do mheasúnú ar fheidhmiúlacht chun oibre, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta ón 1 Iúil 2022 ar aghaidh.

(f) Ní féidir leis an bhfostóir glacadh le teastas leighis ó Dhochtúir nó ó Dhochtúir Comhairleach, in ionad an mheasúnaithe SSC ar fheidhmiúlacht chun oibre, mar fhianaise ar fheidhmiúlacht chun oibre an fhostaí.

2.3.8 De réir alt 2.3, maidir le fostaí a bhí as láthair ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá díreach roimh an 1 Iúil 2022 agus atá measta oiriúnach chun filleadh ar an obair díreach tar éis an dáta seo ag SSC, ach atá as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta ó thús na scoilbhliana 2022/23, caithfidh an fostóir fad thréimhse dúnta an tsamhraidh a thaifeadadh mar Shaoire Bhreoiteachta ar an gcóras CÉAL/BOO. Faoi théarmaí na Scéime Saoire Breoiteachta, áfach, féadfaidh an fostóir, má mheasann sé/sí gur gá sa chás áirithe, an fostaí a atreorú chuig an SSC le haghaidh measúnú leighis le fáil amach an féidir an tréimhse dúnta samhraidh a fhágáil ar lár óna thaifead Saoire Breoiteachta, bunaithe ar sainchúinsí leighis an fhostaí.

## 2.4 Saoire Speisialta COVID-19 le Pá – Rialacha Ginearálta

2.4.1 Tosaíonn Saoire Speisialta le Pá ón dáta a léiríonn fostaí comharthaí COVID-19, nó an dáta a fhaightear toradh tástála PCR deimhneach COVID-19 nó toradh tástála antaigin COVID-19 dearfach. Níl cead ag an bhfostaí freastal ar an ionad oibre agus níl sé ar fáil don obair le linn na tréimhse seo.

2.4.2 Caithfidh fostaí le comharthaí COVID-19 tástáil COVID-19 a shocrú chomh luath agus is féidir agus laistigh de lá amháin ó thús na gcomharthaí.

2.4.3 Ar aon dul leis na prionsabail ghinearálta a bhaineann le bainistiú Saoire Breoiteachta, caithfidh an fostaí teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir láithreach nuair a léiríonn sé/sí comharthaí COVID-19 nó má fhaigheann sé/sí toradh tástála antaiginí/PCR dearfach, de réir ghnáthshocruithe tuairiscithe an fhostóra.

2.4.4 Má thagann athrú ar chúinsí nó diagnóis, caithfidh an fostaí é sin a chur in iúl don fhostóir láithreach.

2.4.5 Tá Saoire Speisialta le Pá COVID-19 ar fáil d'fhostaithe incháilithe, chun cuidiú le cosc féideartha ar scaipeadh COVID-19 san ionad oibre. Ní bhaineann an cháilitheacht do

Shaoire Speisialta le Pá ach le fostaí a bhí ar an uainchlár nó atá le bheith ag obair agus ní féidir é a chur in ionad cineálacha eile saoire

2.4.6 Ní áireofar Saoire Speisialta COVID-19 le Pá a dheonaíonn fostóir mar chuid de thaifead Shaoire Bhreoiteachta an fhostaí.

2.4.7 Níl fostaí i dteideal laethanta in ionad laethanta saoire bainc agus é/í as láthair ar Shaoire Speisialta le Pá COVID-19.

2.4.8 Má bhíonn Saoire Speisialta Le Pá COVID-19 deonaithe d'fhostaí féadfaidh an fostóir ionadaí a cheapadh, íoctha ag an bPámháistir.

2.4.9 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht fostaí ar Shaoire Speisialta le Pá COVID-19 ar dhul in éag don chonradh agus mura ndéantar an conradh sin a athnuachan, ach amháin má leanann an conradh sin go díreach le conradh 'cúl le cúl' i bpost fostaithe faofa agus maoinithe as cistí an Oireachtais.

## 2.5 Nós Imeachta Iarratais agus Taifeadta do Shaoire Speisialta le Pá COVID-19

2.5.1 Caithfidh fostaí a thosaíonn ag léiriú comharthaí COVID-19 nó a fuair toradh tástála antaigin/PCR deimhneach COVID-19 an Fhoirm Iarratais ag Aguisín A den Chiorclán a chomhlánú chun iarratas a dhéanamh ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá.

2.5.2 Caithfidh fostaí a fhaigheann toradh tástála antaigin deimhneach COVID-19 an toradh seo a thuairisciú ar an tairseach FSS. Caithfidh an fostaí deimhniú ar an taifead FSS seo a chur ar fáil dá fhostóir, mar fhianaise tacaíochta (is leor gabháil scáileáin den teachtaireacht téacs ábhartha ón FSS mar fhianaise), lena n-áirítear dáta na tástála.

2.5.3 Caithfidh fostaí a fhaigheann toradh tástála PCR dearfach COVID-19 fianaise tacaíochta FSS ar thoradh tástála PCR dearfach COVID-19 a sholáthar dá fhostóir (is leor gabháil scáileáin den teachtaireacht téacs ábhartha ón FSS mar fhianaise), dáta na tástála san áireamh.

2.5.4 Maidir le scoileanna neamh-BOO, caithfidh an fostóir Saoire Speisialta le Pá a thaifeadadh ar an CÉAL faoi 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'COVID-19: Saoire Speisialta le Pá'. Caithfidh scoileanna BOO an tsaoire seo a thaifeadadh ar a gcóras BOO ábhartha.

2.5.5 Caithfidh an fostóir a bheith sásta leis an bhfianaise dhoiciméadach a chuirtear ar fáil, sula ndéantar tréimhse 'COVID-19: Saoire Speisialta le Pá' a thaifeadadh

## 3. Gnáthsaoire Bhreoiteachta

3.1.1 Caithfidh an fostóir aon bhreoiteacht neamh-COVID-19 a thaifeadadh mar Shaoire Bhreoiteachta ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha agus beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta. Má dhéantar an fostaí a dhiagnóisiú ina dhiaidh sin le COVID-19, is féidir Saoire Speisialta le Pá a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach in ionad na saintréimhse Saoire Breoiteachta.

## 4. Gluaiseacht Shrianta

4.1.1 Bunaithe ar an comhairle FSS is déanaí, ní gá feasta do dhuine srian a chur ar a ghluaiseachtaí más dlúth-theagmháil é le cás dearbhaithe COVID-19.

4.1.2 Ar an mbonn seo, leanfaidh fostaí atá i ndlúth-theagmháil le cás deimhnithe ag freastal ar an ionad oibre, mar is gnách, agus ní bheidh air oibriú ón mbaile le linn na tréimhse seo. Dá bhrí sin, ón 1 Iúil 2022 ar aghaidh, tagann deireadh le rochtain ar COVID-19: Gluaiseacht Shrianta.

4.1.3 I gcás scoileanna neamh-BOO, ina bhfuil fostaí cláraithe ar COVID-19: Gluaiseacht Shrianta ar 30 Meitheamh 2022, caithfidh an fostóir an dáta deiridh seo a chur isteach ar thaifead CÉAL. Caithfidh scoileanna BOO a chinntiú go gcuirtear an próiseas céanna i bheidhm ar a gcórais.

## 5. Grúpaí Ardriosca

### 5.1 Socruithe Oibre d'Fhostaithe Ardriosca – scoilbhliain 2021/22

5.1.1 Sa scoilbhliain 2021/22, tá socruithe i bhfeidhm chun obair ón mbaile a éascú do na catagóirí fostaithe seo a leanas:-

(a) fostaí atá rangaithe faoi láthair ag an tSeirbhís Sláinte Ceirde (SSC) mar 'An-Ardriosca' de thinnis thromchúiseach de bharr COVID-19 a tholgadh.
(b) fostaí atá ag iompar clainne atá rangaithe faoi láthair ag an SSC mar 'Ardriosca' de thinnis thromchúiseach de bharr COVID-19 a tholgadh, agus atá ag obair i suíomh oideachais speisialta.

5.1.2 Beidh críoch le Tuarascálacha SSC ar Chatagóiriú Riosca Sláinte COVID-19 do na fostaithe ag (a) agus (b) thuas an 30 Meitheamh 2022 ar a dhéanaí.

5.1.3 I gcás scoileanna neamh-BOO, beidh stádas reatha 'An-Ardriosca' an fhostaí taifeadta cheana féin ag an bhfostóir faoin gcatagóir saoire CÉAL, 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'COVID-19: An-Ardriosca '. Ceanglaítear ar an bhfostóir dáta deiridh 30 Meitheamh 2022 a chur isteach ar thaifead CÉAL an fhostaí, mar téann a Tuarascáil um Chatagóiriú Riosca Sláinte as feidhm ar an dáta sin. Caithfidh scoileanna BOO a chinntiú go gcuirtear an próiseas céanna i gcrích ar a gcórais.

5.1.4 Freastalaíonn fostaí sa ghrúpa 'ardriosca', mar atá sainmhínithe ag FSS, ar an ionad oibre, mar is gnáth.

### 5.2 Socruithe Oibre d'Fhostaithe An-Ardriosca ó 1 Iúil 2022

5.2.1 Ón 1 Iúil 2022 (i bhformhór na gcásanna tiocfaidh sé seo i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana 2022/23), caithfidh fostaí sa ghrúpa an-ardriosca mar a shainíonn an FSS, mar aon le fostaithe atá ag iompar clainne mar a shainítear in alt 5.1.1(b) thuas, freastal ar an ionad oibre má tá siad feidhmiúil chun oibre. Tá ról ag an bhfostóir tacú le filleadh an fhostaí chuig an ionad oibre.

5.2.2 Dá réir sin ní féidir le fostóir cianobair a éascú a thuilleadh d'fhostaí sa ghrúpa ardriosca. Ar an mbonn sin, níl fáil ar Measúnuithe Riosca Sláinte SSC COVID-19.

5.2.3 Toisc go bhfuil catagóiriú riosca sláinte SSC 'An-Ardriosca' na bhfostaithe seo le dul as feidhm an 30 Meitheamh 2022, moltar don fhostóir a chinntiú go ndéantar measúnú riosca san ionad oibre, (mar atá i mír 1.2 den Chiorclán seo) sula bhfilltear ar an ionad oibre.

5.2.4 Caithfidh fostaí ag a bhfuil stádas catagóirithe riosca sláinte SSC de ‘An-Ardriosca’ le dul in éag ar 30 Meitheamh 2022 agus a mheasann nach bhfuil sé/sí ábalta ó thaobh leighis de, é sin a chur in iúl don fhostóir láithreach. De réir na Scéime Saoire Breoiteachta, caithfidh an fostóir an fostaí a atreorú chuig an SSC de réir an phrótacail atá leagtha amach sa Lámhleabhar um Nósanna Imeachta d’Fhostóirí (Caibidil 2, alt 2 ‘Measúnachtaí Leighis Fostaíochta’). Féach Ciorclán 0054/2019 do mhúinteoirí agus Ciorclán 0060/2019 do CRSanna. Ba chóir go ndéanfaí an t-atreorú seo roimh an scoilbhliain 2022/23.

5.2.5 De bhreis ar alt 5.2.4, má mheasann an SSC nach bhfuil an fostaí feidhmiúil chun oibre ó thaobh leighis de, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta don tréimhse go dtí go mbeidh siad oiriúnach ó thaobh leighis chun filleadh ar an ionad oibre. Caithfidh an fostóir an tréimhse a thaifeadadh mar ‘Saoire Bhreoiteachta Deimhnithe’ ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha.

5.2.6 Sa bhreis ar alt 5.2.4, má mheasann an CSS go bhfuil fostaí feidhmiúil chun oibre ó thaobh leighis, ní féidir iarratas a dhéanamh ar Fhorálacha Criticiúil Breoiteachta (mar atá sa Scéim Saoire Breoiteachta ábhartha) ar bhonn leochaileachta leighis COVID-19 amháin.

5.2.7 Ní féidir le fostaí atá ag iompar clainne iarratas a dhéanamh ar Shaoire Sláinte agus Sábháilteachta Máithreachais ar bhonn riosca COVID-19 san ionad oibre amháin.

## 6. Críoch le Socruithe Sealadacha do Scéimeanna Neamhláithreacha

6.1.1 Tiocfaidh deireadh leis na socruithe sealadacha a cuireadh i bhfeidhm do Scéimeanna Saoire áirithe ag deireadh na scoilbhliana 2021/22 mar seo a leanas:

### (a) Scéim Saoire Tuismitheora

Cuirfear deireadh leis na socruithe sealadacha don Scéim Saoire Tuismitheora d’fhostaithe, a tugadh isteach faoi Nóta Faisnéise TC 0001/2022 agus Nóta Faisnéise TC 0003/2022 ag deireadh na scoilbhliana 2021/22. Dá réir sin, beidh feidhm ag gnáth-théarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Tuismitheora do mhúinteoirí faoi Ciorclán 0054/2019 agus do CRSanna faoi Ciorclán 27/2013 don scoilbhliain 2022/23.

### (b) Scéim Sos Gairme do Mhúinteoirí

Cuirfear **críoch,** ag deireadh na scoilbhliana 2021/22**,** leis an socrú sealadach Scéim Sos Gairme faoi Nóta Faisnéise TC 0015/2021, a cheadaíonn do mhúinteoir ar Shos Gairme obair ionadaíochta gan teorann a dhéanamh. Mar sin, beidh feidhm ag gnáth-théarmaí agus coinníollacha na Scéim Sos Gairme (alt 8) faoi Chiorclán 54/2019 don scoilbhliain 2022/23 ina gceadaítear obair ionadach teoranta.

### (c) Scéim Postroinnte do CRSanna

Cuirfear deireadh leis an socrú sealadach Scéim Roinnte Post a tugadh isteach faoi Nóta Faisnéise 0017/2021, lena gceadaítear do CRS postroinnt obair ionadaíochta gan srian a dhéanamh go deireadh na scoilbhliana 2021/22. Dá bhrí sin, beidh feidhm ag gnáth-théarmaí agus coinníollacha na Scéime Postroinnte faoi Ciorclán 41/2014 don scoilbhliain 2022/23, i.e. ní cheadaítear do Phostroinnteoir aon obair ionadaíoch a dhéanamh.

### (d) Socruithe Sealadacha d'Ionadaíocht agus Saoire Phearsanta Breise (EPV) do mhúinteoirí bunscoile

Cuirfear deireadh leis na socruithe sealadacha ionadaíochta, a tugadh isteach faoi Nóta Faisnéise TC 0018/2021 do mhúinteoirí bunscoile chun clúdach ionadaíochta a cheadú do na neamhláithreachtaí gairide a liostaítear san fhoilseachán seo, lena n-áirítear Saoire EPV, ag deireadh na scoilbhliana 2021/22. Dá réir sin, ní íocfaidh an Pámháistir clúdach ionadaíochta do na neamhláithreachtaí nach bhfuil clúdach ionadaíochta dóibh i mbunscoileanna don scoilbhliain 2022/23, agus beidh gnáth-théarmaí agus coinníollacha Chiorclán 32/2007 i bhfeidhm.

Cheadaigh socrú sealadach a tugadh isteach faoi Nóta Faisnéise TC 0018/2021 Saoire EPV carntha neamhthógtha ón scoilbhliain 2021/22 le tógáil sa scoilbhliain 2022/23. Cé gur féidir laethanta EPV nár tógadh a thabhairt ar aghaidh isteach sa scoilbhliain 2022/23 de réir fhorálacha Nóta Faisnéise TC 0018/2021, beidh na gnáththéarmaí agus coinníollacha de réir Imlitir 37/1997 i bhfeidhm i.e. ní cheadófar níos mó ná 5 lá de Shaoire EPV a thógáil in aon scoilbhliain, lena n-áirítear sa scoilbhliain 2022/23 agus cuirfear deireadh leis an socrú sealadach chun laethanta EPV nár tógadh a thabhairt ar aghaidh isteach sna scoilbhlianta todhchaí.

### (e) Socruithe Ionadaíochta Sealadacha do CRSanna

Cuirfear deireadh, ag deireadh na scoilbhliana 2021/22, leis na socruithe sealadacha ionadaíochta a tugadh isteach faoi Nóta Faisnéise TC 0019/2021 CRSanna chun clúdach ionadaíochta a cheadú do na neamhláithreachtaí gearra a liostaítear san fhoilseachán seo.

Dá réir sin, ní íocfaidh an Pámháistir clúdach ionadaíochta as na neamhláithreachtaí neamh-inchurtha seo don scoilbhliain 2022/23, agus beidh gnáth-théarmaí agus coinníollacha Ciorclán 32/2010 i bhfeidhm.

## Aguisín A

### Aguisín A – Iarratas ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá d’fhostaí atá ag léiriú comharthaí COVID-19 nó le diagnóis COVID-19

**Ba chóir don fhostaí an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur faoi bhráid an fhostóra chomh luath agus is féidir. Caithfidh faisnéis tacaíochta a bheith leis an bhFoirm Iarratais chomhlánaithe, i.e. toradh tástála antaigin deimhneach nó PCR, mar is cuí lena n-áirítear an dáta oiriúnachta chun filleadh ar an obair (nuair a bhíonn an dáta seo ar fáil).**

**Cuid 1 – Sonraí Fostaí**

Ainm an Fhostaí: ______________________________ Uimh. Theagmhála: ___________________

Seoladh Baile: ______________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: ________________________________________________________________

UPSP: _____________________________________________________________________________

Ainm na Scoile: ___________________________________Uimh. Rolla: ______________________

**Cuid 2 – Sonraí na Saoire Speisialta le Pá**

Is mian liom cur isteach ar Shaoire Speisialta le Pá, ar an gcúis thíos (cuir tic sa bhosca cuí).

Táim:

- Ag léiriú comharthaí COVID-19, gan toradh tástála antaigin/PCR COVID-19 ☐
- Tar éis toradh tástála antaigín dearfach COVID-19 a fháil ☐
- Tar éis toradh tástála PCR dearfach COVID-19 a fháil ☐

Dáta Tosaigh (LL/MM/BBBB): ________ Dáta Deiridh Measta (LL/MM/BBBB): ___________

**Dearbhú**
Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Speisialta le Pá de réir théarmaí agus choinníollacha Chiorclán 0038/2022 dar teideal ‘*Coróinvíreas COVID-19: Socruithe Oibre Nuashonraithe do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanais Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna aitheanta*’.

Tá fianaise thacaíochta ag gabháil leis an bhFoirm Iarratais chomhlánaithe.
Deimhním go bhfuil an t-eolas atá curtha ar fáil san Fhoirm Iarratais fíor agus cruinn.

Síniú an Fhostaí: ____________________________________ Dáta: ________________

**Cuid 3 – Sonraí Fostóra**

(A) Saoire Speisialta COVID-19 le Pá:

Tá fostaí ag léiriú comharthaí COVID-19, gan toradh tástála antaigin/PCR COVID-19 ☐

(B) Saoire Speisialta COVID-19 le Pá:

Fianaise tugtha ar thoradh tástála dearfach antaigin/PCR COVID-19 (dáta na tástála san áireamh) (Is leor teachtaireacht téacs FSS le gabháil scáileáin) ☐

Taifeadta ar OLCS/córas ábhartha BOO faoi 'COVID-19: Saoire Speisialta COVID-19 le Pá(de réir mar is cuí) ☐

Síniú: ________________________ Dáta: ______________________

(Fostóir)

***NÍ CEART Foirm Iarratais/Cáipéisíocht Tacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais. Ba chóir iad a choinneáil sa scoil/BOO mar aon le haon cháipéisíocht ábhartha eile chun críocha taifid agus iniúchta leis na taifid phearsanra ábhartha.***

**Ráitéas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir a iarrann an Roinn na sonraí pearsanta seo a chur ar fáil do d'fhostóir chun do Shaoire Speisialta le Pá a phróiseáil. Coimeádfaidh d'fhostóir d'Fhoirm Iarratais agus na doiciméid a ghabhann léi de réir a bpolasaí um Chosaint Sonraí. Tá tuilleadh eolais maidir leis an bpolasaí seo ar fáil ach é a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachais ina dtugtar achoimre ar fhaisnéis bhreise maidir leis an bhFoirm Iarratais seo a fháil ar gov.ie. Tá sonraí iomlána ar pholasaí um Chosaint Sonraí na Roinne ina leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar gov.ie. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil freisin i gcóip chrua ó Rannóg Téarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRS, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach iad a iarraidh.